
AN CLÁR CAIPITIL SPÓIRT TREOIR MAIDIR LE CLÁRÚ DON CHÓRAS AR LÍNE

Léigh an doiciméad seo go léir go cúramach le do thoil sara
ndéanann tú clárú

www.sportscapitalprogramme.ie

An Clár Caipitil Spóirt

Déanann an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt bainistiú ar an gClár Caipitil Spóirt (CCS) agus soláthraíonn sí deontais le cabhrú le háiseanna spóirt a fhorbairt agus le trealamh spóirt a sholáthar ar fud na tíre.

Tá deontais ar fáil do chlubanna spóirt, grúpaí deonacha agus pobail, coistí náisiúnta rialaithe spóirt agus údaráis áitiúla. Is féidir le coláistí tríú leibhéal, CGOanna agus scoileanna cur isteach ar chistiú freisin i gcomhpháirt le clubanna spóirt.

OSCAR

Is córas ar líne atá sa Chlár Caipitil Spóirt anois ar a dtugtar OSCAR (Clár Caipitil Spóirt Ar Líne).

Is é seo an t-aon bhealach a bheidh ann le cur isteach ar dheontas den Chlár Caipitil Spóirt sa todhchaí. Ceadóidh OSCAR do ghrúpaí freisin féachaint ar dheontais agus íocaíochtaí roimhe seo, sonraí teagmhála a athrú, íocaíocht a lorg ar dheontas agus teagmháil a dhéanamh leis an Roinn ar líne.

Ní mór d'aon eagraíocht ar mhian leo úsáid an chórais clárú ar líne ar dtús. Déanfaidh an treoír seo úsáideoirí a threorú tríd an bpróiseas clárúcháin. **Ní gá d'eagraíochtaí ach clárú aon uair amháin.**

Cabhair a Fháil ag Úsáid OSCAR

Tá bealaí éagsúla cruthaithe ag an Roinn le cabhrú le heagraíochtaí córas OSCAR a úsáid:

1. Treoracha scríofa maidir le gach staid den chlár (ar nós an doiciméid seo) ar fáil ag <http://www.dttas.ie/sport/english/sports-capital-programme>
2. Cainéal YouTube ag <https://www.youtube.com/channel/UCq1kBv-FA7QcFmu8cdrIsTg>
3. Bunachar eolais atá ag méadú ar cheisteanna coitianta ar gach gné den chlár www.sportscapitalprogramme.ie
4. Cuir r-phost chuig SportsCapitalProgrammes@dtas.ie
5. Cuir glao teileafóin ar an oifigeach a bhíonn ag déileáil le do chontae <http://www.dttas.ie/sport/english/sport-unit-1-sports-capital-programmes-division>

Céim 1 – Faigh Uimhir Chláraithe Cánach

Tá Uimhir Chláraithe Cánach (UCC) ag teastáil do **gach** eagraíocht ar mhian leo clárú ar OSCAR. Is aitheantóir uathúil do gach eagraíocht é an UCC agus is é an t-ainm úsáideora é le logáil isteach sa chóras.

Tá gá ag eagraíochtaí le deimhniú scríofa maidir lena UCC sara gcríochnaítear an próiseas clárúcháin. Is féidir leis an deimhniú a bheith i bhfoirm Deimhniú Imréitigh Cánach nó i bhfoirm litreach ó na Coimisinéirí Ioncaim ag deimhniú an UCC. Níl sé ceadaithe UCC choiste náisiúnta rialaithe, ghrúpa réigiúnach nó eagraíochta éagsúil a úsáid. Má tá deimhniú imréitigh cánach ag an eagraíocht cheana féin, tá an UCC ar an gcúinne clé ag barr an deimhnithe.

Murar chuideachta teoranta atá san eagraíocht agus nach bhfuil UCC aici faoi láthair, tá sé simplí ceann a fháil. Lión isteach an 1 leathanach [‘Foirm Chláraithe d’eagraíochtaí deonacha agus neamhbhrabúsmhara’](#) agus seol ar ais chuig an [Oifig Ioncaim](#) iomchuí é. Ba chóir go dtógfadh sé timpeall 10 lá oibre deimhniú scríofa a fháil ar an UCC.

Más cuideachta teoranta atá san eagraíocht, is í an fhoirm atá le líonadh ná [Foirm TR2](#). Sa chás seo, caithfidh an chuideachta a bheith cláraithe leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí sara ndéantar iarratas ar UCC.

Céim 2 – Líon isteach an fhoirm chláraithe ar líne

Teigh chuig www.sportscapitalprogramme.ie agus cliceáil ar **Clárú**. Is leathanach amháin atá sa bhfoirm iarratais a thiomsaíonn bunéolas faoin eagraíocht, eolas maidir le logáil isteach agus sonraí maidir leis an teagmhálaí príomhúil don eagraíocht.

Tugann an **cineál eagraíochta** taifead ar phríomhaidhm na heagraíochta m.sh: club spóirt, gasra ógra, grúpa pobail. Is réimse éigeantach é seo.

Ní mór d’**ainm na heagraíochta** a bheith mar a chéile leis an ainm a bhíonn ar do Dheimhniú Imréitigh Cánach nó ar an litir ó na Coimisinéirí Ioncaim. Is réimse éigeantach é seo.

Ba chóir gurb é an seoladh a chuirtear isteach príomhsheoladh na heagraíochta. Níl gá le cód poist ach do sheoltaí in áiteanna áirithe de Bhaile Átha Cliath. Caithfear ar a laghad líne amháin de sheoladh a chur isteach.

Roghnaigh, le do thoil, an **phríomhghníomhaíocht spóirt is fearr a thagann** leis na spóirt a bhfuil d’eagraíocht rannpháirteach iontu. Má tá d’eagraíocht rannpháirteach i roinnt spóirt is féidir leat **ilspóirt** a roghnú. Is réimse éigeantach é seo.

Mura mbíonn aon Coiste Náisiúnta Rialaithe ag spóirt/gníomhaíocht d’eagraíochta roghnaigh **Dada** faoin rogha **Coiste Náisiúnta Rialaithe**. Is réimse éigeantach é seo.

Tá rogha agat déileáil leis an Roinn trí Ghaeilge nó trí Bhéarla. Beidh gach comhfhreagras ina dhiaidh sin sa teanga a roghnaigh tú.

Is é **Uimhir Chláraithe Cánach** (UCC) na heagraíochta a úsáidfeá le logáil isteach ar an suíomh seo a luaite agus a bhíonn an clárúchán faofa. Is réimse éigeantach é seo.

Caithfidh an **pasfhocal** a bheith ar a laghad 8 gcarachtar ar fhad. Coimeád an pasfhocal in áit slán le do thoil. Is féidir athshocrú a dhéanamh ar phasfhocail a mbíonn dearmad déanta orthu ar an leathanach logála isteach. Is réimse éigeantach é seo.

Caithfeá uaslódáil a dhéanamh ar Dheimhniú Imréitigh Cánach d'eagraíochta nó ar litir ó na Coimisinéirí Ioncaim ag deimhniú do UCC. Is é réimse **ainm an doiciméid** an t-ainm a úsáideann an córas le comhdú a dhéanamh ar an doiciméad seo, is féidir leat pé ainm is mian leat a úsáid.

Le huaslódáil a dhéanamh ar an deimhniú imréitigh cánach nó ar litir ó na Coimisinéirí Ioncaim cliceáil ar an gcnaipe **brabhsáil**, ar do ríomhaire, roghnaigh an doiciméad agus cliceáil ar **oscail**.

Rialacha maidir le doiciméid a uaslódáil:

- Is sna formáidí seo a leanas amháin atá uaslódáil le déanamh ar na doiciméid: PDF, GIF, JPG, JPEG, TIF, TIFF, BMP, PSD agus PSPIMAGE (ní féidir doiciméid i word ná comhaid eile ineagarthóireachta a úsáid).
- Diúltóidh an córas do chomhaid leictreonacha a bhíonn cosanta ag pasfhocal nó a bhfuil srianta slándála eile ag baint leo
- Bí cinnte go ndéanann tú aon chomhad leictreonach ar do ríomhaire a dhúnadh sara ndéanann tú iad a uaslódáil le do Chlárú nó d'Iarratas
- Is é uasmhéid chomhaid d'uaslódáil aon doiciméid amháin ná 5 meigibheart
- Is ortsa atá an fhreagracht a chinntiú go ndéanann tú na doiciméid chearta a uaslódáil.

Cuir isteach sonraí an té a bheidh mar phríomhtheagmhálaí don eagraíocht. Úsáidfeá an uimhir fón póca le deimhniú a dhéanamh ar an iarratas ar chlárú agus maidir le haon athruithe as shonraí an teagmhálaí nó na heagraíochta. Ní féidir leat clárú ag úsáid líne talún toisc nach féidir leis na huimhreacha seo glacadh le huimhir dheimhnithe trí théacs.

Ní dhéanfaidh an Roinn déileáil ach leis an bpríomhtheagmhálaí agus beidh gach comhfhreagras ón Roinn trí r-phost.

Mura mbíonn an t-eolas go léir a bhíonn ag teastáil tugtha agat is féidir leat an cnaipe **ATHBHREITHNIÚ** a chliceáil agus cuirfeá i gcuimhne duit go gcaithfeá réimsí áirithe a líonadh. Beidh gach ceann de na réimsí seo marcáilte le dearg*. Coimeád an luch os cionn an * le heolas a fháil ar a gcaithfeá a sholáthar. Ní féidir leat dul ar aghaidh le do chlárúchán go dtí go mbíonn na réimsí atá ag teastáil líonta go hiomlán.

Cuir isteach sonraí an té a bheidh mar phríomhtheagmhálaí don eagraíocht agus cliceáil **Ar Aghaidh**.

Céim 3 – Athbhreithniú ar an Eolas a Soláthraíodh agus Cuir isteach an Iarratas

Déan athbhreithniú ar an eolas go léir a soláthraíodh agus cliceáil ar **CUIR ISTEACH** má tá na sonraí go léir ceart nó ar **CUIR AR CEAL** le leasú a dhéanamh ar aon eolas má bhíonn gá leis.

Céim 4 – PIN (Uimhir Aitheantais Phearsanta) Deimhnithe

Cuirfear uimhir PIN 6 digit chuig an uimhir fón póca a thug tú ag céim 2. Iarrfar ort an PIN seo a chur isteach agus an t-iarratas ar chlárú a chríochnú.

Céim 5 – Fán go dtí go mbíonn Clárúchán Deimhnithe

Déanfaidh an Roinn do chlárúchán a sheiceáil agus an clárúchán a dheimhniú trí r-phost nó r-phost a chur chugat má bhíonn gá le haon ní eile. Bheadh súil ag an Roinn leis go gcríochnófaí an próiseas seo laistigh de 5 lá oibre. **Ní féidir leat logáil isteach ar an gcóras go dtí go mbíonn clárúchán deimhnithe.**

Mura gcloiseann tú ón Roinn i ndiaidh 5 lá oibre nó mura bhfaigheann tú r-phost ag deimhniú an iarratais ar chlárúchán déan teagmháil leis an Roinn trí r-phost le do thoil chuig SportsCapitalProgrammes@dtas.ie nó cuir glao ar uimhir an oifigigh a bhíonn ag déileáil le do chontae (féach rannán thuas ar Cabhair a Fháil ag Úsáid OSCAR).

Má dhéanann tú dearmad ar do phasfhocal is féidir leat cliceáil ar an gcnaipe **pasfhocal dearmadta** ar www.sportscapitalprogramme.ie Ní mór duit an fón póca cláraithe a bheith ar láimh agat d'fhonn do phasfhocal nua a dheimhniú.

Tar Éis don Chlárúchán a bheith Deimhnithe

A luaithe agus a bhíonn clárúchán d'eagraíochta deimhnithe is féidir leat logáil isteach agus féachaint ar dheontais agus íocaíochtaí roimhe seo, sonraí teagmhála a athrú, íocaíocht a lorg ar dheontas agus teagmháil a dhéanamh leis an Roinn ar líne. Nuair a bhíonn an chéad bhabhta eile den Chlár Caipitil Spóirt oscailte d'iarratais, beidh tú in ann iarratas a dhéanamh ar líne.